

| Dáta | Leibhéal ranga Rang a Trí agus Rang a Ceathair | Ábhar Tíreolaíocht |
|--|---|------------------------------|
| Snáithe Imshaoil Dhaonna | Snáithaonad Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil agus daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn. | |
| Teideal Tionscal na hiascaireachta in Éirinn a Phlé. | | |
| Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh leanaí plé agus imscrúdú, trí staidéir phraiticiúla go háirithe, ar roinnt bheag de na gnáthghníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí a dtugann daoine sa dúiche agus i gceantar codarsnach in Éirinn fúthu. | | |
| Scileanna atá Riachtanach Tuiscint d'áit agus do spás; Léarscáileanna a úsáid; Ceistiú; Imscrúdú; Anailísiú; Taifeadh agus Cumarsáid. | | |
| Cuspóirí foghlama Cuirfear ar chumas an linbh: Tionscail thábhachtacha in Éirinn a shainaithint. Na daoine sin a bhíonn ag brath ar thionscal na hiascaireachta a shainaithint. Príomhchalafoirt iascaireachta a aimsiú ar léarscáil d'Éirinn. Idirdhealú a dhéanamh idir speicis éisc inbhuanaithe agus speicis éisc neamh-inbhuanaithe. Na fadhbanna a bhaineann le ró-iascaireacht a bhreithniú. Réiteach ar an bhfadhb sin a bhreithniú. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ina scríobhtar litreacha i ngrúpaí. | Gníomhaíochtaí foghlama Labhairt agus Plé: Díospóireacht ranga faoi na gníomhaíochtaí eacnamaíocha áitiúla a mbíonn an pobal ag brath orthu. Fiafraigh de na leanaí faoi na tionscail a bhíonn tábhachtach sa dúiche, mar shampla, is féidir go mbíonn réigiún cósta ag brath ar an turasóireacht mara, ar an bhfeirmeoireacht agus ar an iascaireacht. Scríobhann an múinteoir an focal 'iascaireacht' i gciorcal i lár an chláir agus déanann na daltaí ransú smaointe ar na daoine a bhíonn ag brath ar a rathúla atá tionscal na hiascaireachta. Meall ó na leanaí gurb iomaí páirtí leasmhar eile i dtionscal na hiascaireachta cé is moite de na hiascairí e.g. oibríthe monarchan, úinéirí bialainne, cuideachtaí onnmhairiúcháin, cuideachtaí margaiochta etc. Labhairt agus Plé: An eol do na daltaí na cineálacha éisc thráchtála a mbeirtear orthu timpeall na hÉireann? | |

Is iad na príomhchalafoirt iascaireachta in Éirinn ná an Daingean, na Cealla Beaga, Baile Chaisleáin Bhéarra, Dún Mór Thoir agus Cé na Cille Móire. Déantar an iascaireacht tráchtála ag roinnt mhaith calafoirt bheaga freisin.

Tá cead ag soithí iascaireachta ó thíortha eile san Eoraip iascaireacht a dhéanamh in uiscí Éireannacha freisin. Is éard atá anseo a leanas ná miondealú ar na soithí iascaireachta in uiscí Éireannacha:

Éire 36%

An Ríocht Aontaithe 11%

An Fhrainc 20%

An Spáinn 30%

An Bheilg 1%

Eile 3%

D'fhonn tuilleadh faisnéise agus léarscáileanna faoi ghníomhaíochtaí iascaireachta agus faoi acmhainní iascaigh in Éirinn a fháil, féach “Atlas of Commercial Fisheries around Ireland - 2nd edition, 2014, Marine Institute.”

Obair Chomhoibríoch/ Léarscáileanna, Cruinneoga agus Atlais:

Ina mbeirteanna, aimsíonn na leanaí na príomhchalafoirt iascaireachta sa tír ar léarscáil d'Éirinn. Mínigh do na daltaí gur minic a bhíonn saoráidí ollmhóra próiseála éisc ag gabháil leis na príomhchalafoirt iascaireachta sin. Sna saoráidí sin, próiseáiltear roinnt mhaith cineálacha éisc, lena n-áirítear iasc geal, iasc peiligeach agus sliogiasc. Is tionscal ollmhór é a ghineann ioncam mór ar fiú breis agus aon bhilliún euro é dár ngeilleagar gach bliain.

Labhairt agus Plé:

Mínigh do na daltaí na fadhbanna a bhaineann le hiascaireacht inbhuanaithe in aghaidh iascaireacht neamh-inbhuanaithe.

Is éard atá i gceist le tionscal an dobharshaothraithe nó le tionscal na

feirmeoireachta éisc ná fás a dhéanamh ar iasc eite ar nós an bhradáin agus an bhric agus ar shliogiasc lena n-áirítear diúilicíní, oisrí agus muiríní.

Déan plé leis an rang ar fhás thionscal na feirmeoireachta éisc/bia mara, tionscal is cúis le suas go dtí 50% den iasc ar fad a itear sa lá atá inniu ann.

Tá tionchar imeartha ag ró-iascaireacht in uiscí Éireannacha ar na méideanna de lear maith speiceas mórélímh timpeall na hÉireann, amhail an trosc, an sól agus an faoitín.

Déan ransú smaointe leis an rang ar na fadhbanna a bhaineann le ró-iascaireacht timpeall na hÉireann. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin na fíricí gur féidir le ró-iascaireacht a bheith ina cúis le cuótaí laghdaithe (na méideanna éisc a bhfuil sé ceadaithe breith orthu), slite beatha a chur i gcontúirt agus dul i bhfeidhm ar bhiaslabhraí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh ró-iascaireacht bheith contúirteach dár n-aigéin sa todhcháí. Chomh maith leis sin, is féidir le roinnt modhanna iascaireachta damáiste ollmhór a dhéanamh do ghrinneall na farraige agus don mhuirthimpeallacht (e.g. líontáin fhágtha).

Réiteach fadhbanna:

Cad is féidir linn a dhéanamh chun cabhair a thabhairt? Oibríonn na leanaí i ngrúpaí beaga chun réiteach ar na saincheisteanna a bhreithniú. D'fhéadfaí an réiteach a scríobh mar litir chuig cinnteoir tábhachtach ina bpobal, ar nós polaiteoir áitiúil.

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a chur san áireamh i bhfreagairtí fabhracha: speicis éisc inbhuanaithe a ithe, cloí le cuótaí agus limistéir faoi chosaint a bhunú inár n-aigéin.

| | |
|--|--|
| | <p>Is féidir leis na grúpaí TFC a úsáid chun taighde a dhéanamh ar a gcuid argóintí agus a réitigh a chur i láthair an ranga ina dhiaidh sin.</p> <p>Obair fairsingithe / Obair thionscadail: Cuir tionscal na hiascaireachta in Éirinn i gcomparáid le tionscal eile in Éirinn e.g. tionscal na talmhaíochta, tionscal na turasóireachta, tionscal na hardteicneolaíochta (e.g. geilleagar eolasbhunaithe).</p> <p>Cuir tionscal na hiascaireachta in Éirinn i gcomparáid le tionscal eile iascaireachta i dtír eile san Eoraip (e.g. is féidir leis an Iorua, ina ndéantar iascaireacht ar mhíolta móra, a bheith ina hábhar spéisiúil lena phlé maidir le difríochtaí cultúrtha).</p> <p>Cuir tionscal na hiascaireachta in Éirinn i gcomparáid le tír eile ar domhan (e.g. an tSín, Talamh an Éisc agus Labrador i gCeanada, etc.).</p> |
| | <p>Acmhainní</p> <p>Léarscáileanna d'Éirinn do gach beirt</p> <p>“Atlas of Commercial Fisheries around Ireland – 2nd edition, 2014, Marine Institute” - féach www.marine.ie</p> <p>Atlas an Domhain</p> <p>Ríomhairí glúine</p> <p>Teimpléad litreach</p> <p>Liosta de speicis éisc inbhuanaithe agus de speicis éisc neamh-inbhuanaithe. Is féidir é sin a fháil ach cuardach a dhéanamh ar líne ar an “Good Fish Guide” de chuid an Chumainn Chaomhantais Mhara.</p> |

Difreáil

Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.

Measúnú

Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir

Nascadh agus Comhtháthú

Stair: Déanann na daltaí taighde ar stair na hiascaireachta timpeall na hÉireann.

Teanga Bhéil: díospóireacht siúil ar ábhar na hiascaireachta inbhuanaithe in Éirinn.

Scríbhneoireacht Bhéarla: Cruthaíonn na daltaí alt nuachtáin faoin iascaireacht in Éirinn.

Matamaitic: Is féidir leis na daltaí úsáid a bhaint as scileanna uimhris, tomhais agus sonraí chun an fhaisnéis a d'fhoghlaim siad faoi thionscal na hiascaireachta in Éirinn a léiriú.